**Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – An Ungáir v An Coimisiún**

**(Cás T-57/22)**

(2022/C 119/80)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Ungáir (ionadaithe: M. Z. Fehér agus G. Koós, Gníomhairí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2020 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 a neamhniú, lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), ([1]) sa mhéid a bhaineann leis an Ungáir agus lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh an chabhair airgeadais a bunaíodh don bhliain airgeadais 2018-2019 lena dtagraítear d'easnaimh i bhfeidhmiú na seiceálacha bunúsacha "seiceálacha chun rochtain a fháil ar an gcabhair arna hiarraidh" agus "ríomh ceart na cabhrach, lena n-áirítear laghduithe agus pionóis riaracháin".

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Áitíonn Rialtas na hUngáire nár sháraigh an Ungáir na forálacha maidir le seiceálacha chun rochtain a fháil ar an gcabhair arna hiarraidh agus nár ríomhadh luach na táirgeachta arna margú ag gach eagraíocht táirgeoirí go mícheart. Tá an cleachtas arna leanúint ag an Ungáir i gcomhréir le hAirteagal 42 agus 50(7) de Rialachán 543/2011. ([2]) Áitíonn sé chomh maith gur cheart go dtuigfí nach ann d'aon easnamh ach an oiread i ndáil le seiceálacha incháilitheachta na gclár oibríochtúil agus gur ghníomhaigh an Ungáir i gcomhréir le hAirteagal 104(2) de Rialachán 543/2011.

Tá an Ungáir tar éis bearta ceartaitheacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm i ndáil leis na measúnuithe lena mbaineann an dara heasnamh i bhfeidhmiú na seiceála bunúsaí ("ríomh ceart na cabhrach, lena n-áirítear laghduithe agus pionóis riaracháin") agus ar an gcúis sin, níl údar maith le cur i bhfeidhm an cheartaithe airgeadais i leith na gcostas a bhaineann leis na blianta airgeadais 2018 agus 2019.

([1]) IO 2021, L 413, p. 10.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 i ndáil le hearnálacha na dtorthaí agus na nglasraí agus na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO 2011, L 157, lch. 1)

**Caingean arna tabhairt an 31 Eanáir 2022 – OD v EUROJUST**

**(Cás T-61/22)**

(2022/C 119/81)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OD (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 17 Meitheamh 2021 a chur ar neamhní;